COMHAD FÍRICÍ:
TEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH GCE

AONAD A21: CÓRAIS FAISNÉISE

Rewarding Learning

TFC agus Reachtaíocht

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:
Cur síos a dhéanamh ar phríomhghnéithe na reachtaíochta seo a leanas:

- An tAcht um Chosaint Sonraí; *(The Data Protection Act)*;
- An tAcht um Chóipcheart, Dhearaí agus Paitinní *(The Copyright, Designs and Patents Act)*;
- An tAcht um Mí-Úsáid Ríomhaire *(The Computer Misuse Act)*;
- A thuiscint cén dóigh a dtig le gach píosa reachtaíochta tionchar a imirt ar eagraíochtaí, ar a bhfostaithe agus ar bhaill den phobal agus sin a chur i bhfeidhm.
- Na ceisteanna eiticiúla a mhíniú atá ag baint le cinnteoireacht uathoibrithe, cinsireacht ar líne, monatóireacht ar iompraíocht phearsanta, intleacht shaorga agus gabháil, stóráil agus anailís ar fhaisnéis phearsanta.

Inneachar in TFC agus Reachtaíocht

- Reachtaíocht TFC.
- Ceisteanna eiticiúla.

Reachtaíocht TFC

Ar na príomhphíosaí reachtaíochta don TFC, tá:

- An tAcht um Chosaint Sonraí; *(The Data Protection Act)*.
- An tAcht um Chóipcheart, Dhearaí agus Paitinní *(The Copyright, Designs and Patents Act)*.
- An tAcht um Mí-Úsáid Ríomhaire *(The Computer Misuse Act)*.

An tAcht um Chosaint Sonraí *(The Data Protection Act)*

Mar gheall ar an méid méadaithe faisnéise a bhí á stóráil ar ríomhairí, bhí gá le rialú a dhéanamh ar na rudaí a bhí stóráilte ar mhaithe le sonraí pearsanta an duine a chosaint. Dearadh an dlí seo le sonraí pearsanta an duine a chosaint agus sainmhíníodh é go raibh ocht bprionsabal ann. Ina measc siúd, tá:

- Ba chóir sonraí pearsanta a phróiseáil go cothrom agus go dleathach le comhthoil an duine is ábhar do na sonraí.
- Níor cheart sonraí pearsanta a úsáid ach amháin don chuspóir a sainíodh.
- Ba chóir go mbeadh sonraí pearsanta imleor agus ábhartha don chuspóir bheartaithe.
- Ba chóir go mbeadh sonraí pearsanta cruinn agus suas chun dáta.
- Níor chóir sonraí pearsanta a choinneáil níos faide ná mar is gá.
- Ba chóir sonraí pearsanta a phróiseáil de réir chearta an duine is ábhar do na sonraí.
- Ba chóir sonraí pearsanta a choinneáil go slán, gan aon rochtain neamhúdaraithe.
- Níor chóir sonraí pearsanta a aistriú taobh amuigh den AE.

Chomh maith leis sin, shainigh an dlí na róil atá ag daoine bunriachtanacha mar:

Eochairdhuine	Breac-chuntas ar Ról
An Duine is Ábhar do na Sonraí	An duine is ábhar do na sonraí pearsanta
An Coimisinéir	Freagrach as an Acht a chur i bhfeidhm Dea-chleachtas a chur chun cinn i measc na ndaoine sin atá freagrach as sonraí pearsanta a phróiseáil An pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi na cearta atá acu de réir an Achta
An Rialaitheoir Sonraí	An duine i gcomhlacht atá freagrach as an dóigh a bhfuil sonraí pearsanta próiseáilte a rialú

Tionchar na reachtaíochta ar Chosaint Sonraí

Is é príomhchuspóir na reachtaíochta seo ná cearta na ndaoine a bhfuil eagraíochtaí ag coinneáil sonraí orthu a chosaint. Faoi théarmaí an achta, glactar leis go bhfuil an eagraíocht freagrach as slándáil, cruinneas agus coinníollacha úsáide na sonraí atá á gcoinneáil aici. Eagraíochtaí nach gcloíonn le téarma an *DPA*, is féidir iad a chúiseamh. Mar sin de, tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh gnáthaimh i bhfeidhm ag gach eagraíocht a bhíonn ag úsáid sonraí lena chinntiú go gcoinnítear na sonraí sin go slán, go gcoinnítear go cruinn iad agus go n úsáideann an eagraíocht mar is ceart iad.

Ba chóir d'eagraíochtaí a chinntiú go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil na sonraí atá stóráilte cruinn agus suas chun dáta, mar shampla trí úsáid gnásanna bailíochtaithe agus fíoraithe. B'fhéidir go mbeadh teagmháil rialta le daoine is ábhar do shonraí i gceist le sonraí a choinneáil suas chun dáta, nó b'fhéidir ag iarraidh orthu sonraí atá coinnithe faoi láthair a fhíorú ar bhonn rialta. Ní mór d'eagraíochtaí a chinntiú fosta go bhfuil na sonraí atá stóráilte ag teacht leis an riachtanas go gcaithfidh sonraí a úsáid don tsainchuspóir bhunúsach amháin agus ní do chuspóir ar bith eile.

Ní mór dóibh a chinntiú fosta go bhfuil bearta i bhfeidhm le sláine agus slándáil fhisiceach na sonraí atá á gcoinneáil a chosaint. Beidh bearta éagsúla slándála i gceist leis seo, lena n-áirítear: rochtain fhisiceach, rochtain chórais, ballaí dóiteáin, cúltacaí, srl. Ní mór don eagraíocht oiliúint a chur ar fáil fosta lena chinntiú go bhfuil an fhoireann feasach ar cheisteanna cosaint sonraí agus ar a bhfreagracht phearsanta le cinntiú go gcomhlíontar téarmaí an achta.

An tAcht um Chóipcheart, Dearaí agus Paitinní *(The Copyright Designs and Patents Act)*

Dearadh an dlí seo le cosaint a thabhairt ar chearta "maoin intleachtúil" na ndaoine agus na n-eagraíochtaí a chruthaíonn agus a tháirgeann ábhar bunaithe ar smaoinimh úrnua. Ábhar den chineál seo, cuimsíonn sé leabhair, ailt, ceol, scannáin, bogearraí, srl. Is cúis imní í píoráideacht bogearraí mar go mbíonn cóipeáil, athrú nó íoslódáil neamhdhleathach na mbogearraí i gceist. Nuair a dhéanann siad seo, tá siad ag seachaint an praghas a bhaineann leis na bogearraí a cheannach. Is féidir leis tagairt fosta don 'ghadaíocht' a dhéanann comhlacht amháin ar na smaointe agus modhanna atá ag comhlachtaí eile TFC.

Tionchar na reachtaíochta atá ag baint le Cóipcheart, Dearaí agus Paitinní

Tá a lán cineálacha den phíoráideacht bogearraí ann, amhail úsáideoirí aonair ag úsáid an Idirlín le píosa amháin bogearraí a chóipeáil ar a ríomhairí féin gan chead, nó coirpigh ghairmiúla ag déanamh cóipeanna ar an mórchóir agus á ndíol trí shiopaí neamhdhleathacha. Creideann tionscal na mbogearraí go bhfuil dhá dhrochéifeacht ag baint leis an phíoráideacht. Ar an chéad dul síos, bíonn praghsanna níos airde ann mar gheall uirthi do chustaiméirí atá ag ceannach bogearraí go dleathach, agus ar an dara dul síos, ní bhíonn tithe bogearraí chomh nuálaíoch céanna agus iad ag cruthú bogearraí úra mar gheall uirthi.

Eagraíochtaí a úsáideann líonraí ríomhaire, nuair a cheannaíonn siad píosa bogearraí, ceannaíonn siad ceadúnas bogearraí fosta d'úsáideoir amháin nó níos mó. Ansin, tá cead acu de réir dlí na bogearraí a dháileadh ar an líon sin d'úsáideoirí. Más mian leis an eagraíocht go mbeadh rochtain ag níos mó úsáideoirí ar na bogearraí, beidh orthu íoc as níos mó ceadúnas.

Má tá eagraíocht leis an dlí seo a chur i bhfeidhm, beidh freagracht orthu as bheith cinnte go bhfuil gach fostaí feasach ar théarmaí an Achta agus ar na drochthorthaí atá ag baint leis an Acht a shárú. Ní mór don eagraíocht iniúchtaí a dhéanamh fosta ar na bogearraí a úsáideann sí agus monatóireacht a dhéanamh ar na daoine a bhfuil rochtain acu ar na bogearraí sin.

Ní mór d'eagraíochtaí cloí go hiomlán le comhaontuithe Ceadúnaithe agus ní mór dóibh rochtain ar na bogearraí a rialú. Níor chóir ligean d'fhostaithe ach bogearraí údaraithe a bheith acu ar a ríomhaire pearsanta. Chomh maith leis sin, ba chóir d'eagraíochtaí a chinntiú nach gceadaítear bogearraí neamhúdaraithe, b'fhéidir bogearraí a tugadh isteach ón bhaile, a ceannaíodh ón Idirlíon, san áit oibre.

An tAcht um Mí-Úsáid Ríomhaire

Dearadh an t-acht seo le coireacht ríomhaire a chosc atá ag baint le rochtain neamhdhleathach ar chórais faisnéise nó ar chomhaid sonraí. Sainíonn an t-acht gur coir é rochtain neamhúdaraithe a bheith ag duine ar ábhar ríomhaireachta, is coir é fosta rochtain neamhúdaraithe le hintinn coireanna breise a dhéanamh nó a éascú agus is coir fosta é modhnú neamhúdaraithe a dhéanamh ar ábhar ríomhaireachta. Sainaithníonn sé coireanna sainiúla amhail víris a chur ar ríomhchóras duine d'aon turas, ag haiceáil isteach i ríomhchóras duine.

Tionchar na reachtaíochta ar Mhí-úsáid Ríomhairí

Cé nach dócha go mbeadh eagraíocht dhlisteanach ag sárú théarmaí an Achta seo d'aon turas, b'fhéidir go mbeadh fostaithe aonair ag baint úsáid as acmhainní an chomhlachta le haiceáil isteach i gcórais eile. Dá bhféadfaí a thaispeáint go raibh an eagraíocht neamartach maidir le bearta a dhéanamh leis seo a chosc, b'fhéidir go mbeadh sí faoi dhliteanas go páirteach as bearta a cuid fostaithe.

Ba chóir don eagraíocht polasaithe a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil na fostaithe feasach ar théarmaí an Achta agus na drochthorthaí a bhaineann leis an Acht a shárú. Chuimseodh seo polasaí "Úsáid Inghlactha", lena n-áirítear próisis smachta na heagraíochta.

Ba chóir iniúchadh a dhéanamh go rialta ar an dóigh a n-úsáideann fostaithe ríomhairí agus ba chóir imscrúdú iomlán a dhéanamh ar ghníomhaíocht amhrasach, trí scrúdú a dhéanamh ar chodanna den chóras a ndearna fostaithe éagsúla rochtain orthu ag amanna ar leith. Má chuirtear córas de phasfhocail agus d'ainmneacha úsáideora i bhfeidhm, ciallaíonn sin go mbeidh rialú docht daingean ar chodanna difriúla den chóras, agus ciallaíonn sin nach mbeidh cearta rochtana ag fostaithe ach ar rudaí atá riachtanach lena gcuid oibre a chur i gcrích.

Saincheisteanna Eiticiúla

Is iad is eiticí ann, bailiúchán mór luachanna agus prionsabal a thugann faoi cheisteanna maidir le cad é atá maith nó olc i gcúrsaí daonna. Cuardaíonn eiticí cúiseanna le gníomhú, nó gan ghníomhú; le hiompraíocht a cheadú nó gan iompraíocht a cheadú; le rud éigin a chreidiúint nó a shéanadh faoi iompraíocht shuáilceach nó dhuáilceach nó faoi rialacha maithe nó drochrialacha. Tá a lán de na dúshláin eiticiúla seo ann mar gheall ar an mhéadú ar an chumarsáid, ar an inneachar agus ar an nascacht dhigiteach.

Cad iad na saincheisteanna eiticiúla?

A lán de na saincheisteanna eiticiúla atá le réiteach ag gairmithe TF, tá siad ag baint leis an phríobháideacht.

- Ar chóir duit ríomhphost príobháideach úsáideoirí do líonra a léamh cionn is go bhfuil tú ábalta sin a dhéanamh? An bhfuil sé ceart go leor ríomhphost na bhfostaithe a léamh mar bheart slándála lena chinntiú nach bhfuil faisnéis íogair an chomhlachta á nochtadh?

An bhfuil sé ceart go leor ríomhphost na bhfostaithe a léamh lena chinntiú nach bhfuil rialacha an chomhlachta (mar shampla, i gcoinne úsáid phearsanta an chórais ríomhphoist) á sárú? Má léann tú ríomhphoist na bhfostaithe, ar chóir duit an polasaí sin a nochtadh dóibh? Roimh é a dhéanamh nó ina dhiaidh?

- An bhfuil sé ceart go leor monatóireacht a dhéanamh ar na suíomhanna Gréasáin a dtugann d'úsáideoirí líonra cuairt orthu? Ar chóir duit mar nós loganna a choinneáil de shuíomhanna ar tugadh cuairt orthu? An bhfuil sé neamartach gan monatóireacht a dhéanamh ar úsáid Idirlín den chineál seo, le cosc a chur ar an fhéidearthacht go mbeadh pornagrafaíocht san áit oibre rud a dtiocfadh leis timpeallacht oibre naimhdeach a chruthú?

- An bhfuil sé ceart go leor eochairlogálaithe a chur ar mheaisíní ar an líonra le gach rud a chlóscríobhann an t-úsáideoir a ghabháil? Cad é faoi ríomhchláir ghabhála scáileáin ionas gur féidir leat gach rud atá taispeánta ann a fheiceáil? Ar chóir go mbeadh úsáideoirí ar an eolas go bhfuil faire á dhéanamh orthu ar an dóigh seo?

- An bhfuil sé ceart go leor na doiciméid a léamh agus amharc ar na grafaicí atá stóráilte ar ríomhairí na n-úsáideoirí nó ina n-eolairí ar an fhreastalaí comhad?

An pointe is tábhachtaí nach mbaineann sé seo leis an reachtaíocht. Seans maith go bhfuil ceart ag comhlacht de réir dlí monatóireacht a dhéanamh ar gach rud a dhéanann fostaí lena threalamh ríomhaire. Ach cá bhfágann sin na gnéithe eiticiúla atá ag baint le bheith in ann sin a dhéanamh?

Mar shampla, mar riarthóir líonra nó mar ghairmí slándála, tá cearta agus pribhléidí agat a ligeann duit an chuid is mó de na sonraí a rochtain ar na córais atá ar do líonra. B'fhéidir, fiú, go mbeifeá ábalta sonraí criptithe a rochtain má tá rochtain agat ar chuntas an ghníomhaire athshlánaithe sonraí. An rud a dhéanann tú leis an chumas sin, tá sé ag brath go páirteach ar na dualgais ar leith atá agat i do chuid oibre (mar shampla, más cuid den chur síos oifigiúil ar an obair s'agat monatóireacht a dhéanamh ar ríomhphost fostaithe) agus go páirteach ar do chreidiúintí eiticiúla pearsanta maidir leis na saincheisteanna seo.

Má amharctar ar an liosta de shaincheisteanna príobháideachta thuas, is furasta gach ceann de na gníomhartha a bhfuil cur síos orthu thuas a chosaint. Ach is furasta a fheiceáil fosta cén dóigh a dtiocfadh le gach ceann de na gníomhartha sin athrú ina ghníomh nach bhfuil chomh hinchosanta céanna. Mar shampla, an fhaisnéis a fuair tú ó ríomhphost duine a léamh, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as sin le náire a chur ar an duine sin, le buntáiste polaitiúil a fháil sa chomhlacht, le go ngearrfaí pionós ar an duine sin nó lena bhriseadh as a phost, nó fiú le dúmhál a dhéanamh ar dhuine.

Is féidir le coincheap na fána sleamhnaí dul níos faide ná do scileanna TFC a úsáid. Má tá sé ceart go leor ríomhphost na bhfostaithe eile a léamh, an bhfuil sé ceart go leor fosta dul trí na tarraiceáin ina ndeasc nuair nach bhfuil siad i láthair? A málaí nó a sparáin a oscailt?

Samplaí de chruacháis eiticiúla

Cuir i gcás go dtagann tú ar rúin ceirde comhlachta agus tú ag amharc ar dhoiciméid randamacha? Abair go n-imíonn tú ón chomhlacht ina dhiaidh sin agus go dtéann tú chun oibre le comhlacht atá in iomaíocht leis? An bhfuil sé mícheart úsáid a bhaint as an eolas sin i do phost úr? An mbeadh sé "ní ba mhíchirte" dá ndéanfá na doiciméid sin a phriontáil agus a thabhairt leat, in áit bheith ag brath ar do chuimhne amháin?

Cuir i gcás gur léirigh na doiciméid a léigh tú go raibh an comhlacht ag sárú rialacháin nó dlíthe rialtais? An bhfuil dualgas morálta ort sceitheadh orthu leis na húdaráis, nó an gcaithfidh tú meas a bheith agat ar phríobháideacht d'fhostóra de réir eitice? An ndéanfadh sé difríocht dá mbeadh comhaontú um neamhnochtadh sínithe agat nuair a ghlac tú leis an phost?

Sainchomhairleoirí TF agus slándála a bhíonn ag obair do bhreis agus aon chomhlacht amháin, bíonn fiú níos mó saincheisteanna eiticiúla acu le déileáil leo. Má fhoghlaimíonn tú rudaí faoi cheann de do chliaint a dtiocfadh leo dul i bhfeidhm ar do chliaint eile, cá háit a mbeidh do dhílseacht?

Ansin tá saincheisteanna airgid ann. Mar gheall ar leathadh na n-ionsaithe líonra, na haiceanna, na víreas agus na mbagairtí eile dá mbonneagair TF, tá a lán comhlachtaí thar a bheith scanraithe. Mar shainchomhairleoir slándála, b'fhéidir go mbeadh sé furasta duit níos mó eagla a chur ar chomhlachtaí ionas go mbeidh siad sásta i bhfad níos mó airgid a chaitheamh ná mar is gá dóibh go fíor. An bhfuil sé mícheart na céadta nó fiú na mílte dollar a iarraidh orthu san uair as do chuid seirbhísí, nó an cás é de "más féidir leis an mhargadh é a sheasamh?"

Saincheist eiticiúil eile, baineann sé le níos mó a gheallúint ná mar is féidir leat a chur i gcrích, nó sonraí a ionramháil le táillí níos airde a fháil.

Is féidir leat teicneolaíochtaí a shuiteáil agus socruithe a chumrú ionas go bhfuil líonra cliaint níos sláine, ach ní féidir leat é a dhéanamh go hiomlán slán. An bhfuil sé mícheart áitiú ar chliant ballaí dóiteáin ó mhonaróir eile a úsáid in áit na mballaí dóiteáin atá acu faoi láthair, nó córas oibriúcháin foinse oscailte a úsáid – athruithe, mar a tharlaíonn, a mbeidh a lán níos mó uaireanta oibre íoctha agatsa mar gheall orthu – ar an tuiscint gurb é sin an réiteach ar a chuid fadhbanna slándála?

Ní mór do gach gairmí TF an cheist "An bhfuil sé eiticiúil?" a fhreagairt.

Ní hionann agus gairmeacha níos sine a bhfuil traidisiún níos faide acu ar nós an leighis agus an dlí, an chuid is mó de na saincheisteanna eiticiúla a bhíonn ag gairmithe TF agus slándála a phlé leo, ní dhearnadh iad a chódú mar dhlí, agus níl aon eagraíocht chaighdeánach shainordaitheach maoirseachta ann, leithéidí an comhlachas náisiúnta na lianna míocháine nó cumainn an bharra, a bhfuil cód eiticí fadbhunaithe mionchruinn acu.

Agus sin ráite, táthar ag tosú ar thabhairt faoi cheist na n-iompraíochtaí eiticiúla sna gairmeacha TF. Cumainn ghairmiúla dheonacha ar nós an *Association for Computing Machinery* (ACM), tá cóid eiticí agus iompraíochta gairmiúil féin forbartha acu, a dtig leo bheith mar threoirlíne do dhaoine agus d'eagraíochtaí eile.

Gadaíocht Dhigiteach agus Sárú Cóipchirt

Le blianta beaga anuas tá digitiú déanta ar chóir a bheith gach rud ó cheol go scannáin, agus ceann de na dúshláin is mó atá cruthaithe mar gheall air seo ná a éasca atá sé na hacmhainní seo a ghoid agus a roinnt ar bheagán costais nó gan chostas agus gan pionós ar bith ann, de réir cosúlachta.

Mar shampla, an bhfuil sé ceart go leor má thugann cara cóip dhigiteach d'amhrán duit a cheannaigh sé? An chuid is mó de na daoine, déarfadh siad gur beag an dochar. Agus sin ráite, dá mbeadh am agus airgead caite agat agus d'úsáid tú do chuid tallainn le halbam a thaifeadadh agus fuair tú amach go raibh sé á roinnt gan tusa ag fáil íocaíocht ar bith, an mbeadh sé sin ceart go leor?

Príobháideacht

Cad é faoi thionchar an fháis ghasta ollmhóir sna gléasanna comhcheangailte agus na himpleachtaí atá ann dár bpríobháideacht? Bíonn muid ag nochtadh méid suntasach sonraí ar líne trí chuardaigh agus phostálacha ar na meáin shóisialta. Cuid mhór de na cliceanna a dhéanann muid, gineann siad sonraí atá díolta le margóirí agus tríú páirtithe eile.

© CCEA 2022